



Droichead – Ceisteanna Coitianta – Iar-bhunscoil

Cad is Droichead?

Is creat comhtháite ionductaithe don mhúinteoir nua-cháilithe é Droichead.

Tógann sé ar an Rannóg Ionductúcháin Oide Droichead tosaigh do mhúinteoirí agus aithnítear gur céim ar leith é an t-ionductú ar *chontanam* an Rannóg Ionductúcháin Oide Droichead do mhúinteoirí. San áireamh sa chreat comhtháite seo tá gníomhaíochtaí scoile (Snáithe A) agus gníomhaíochtaí breise foghlama gairmiúla (Snáithe B) a dhíríonn ar riachtanais múinteoirí ag tús a ngairmré.

Is é príomhchuspóir Droichead tacú le foghlaim ghairmiúil na MNCanna i gcéim an ionductaithe, chun bonn a chur faoi fhás agus foghlaim ghairmiúil eile a dhéanfar sa chéad chéim eile dá ngairmré.

Is beartas náisiúnta anois é Droichead agus tá sé ar fháil [anseo](#).

Cad is Foireann Tacaíochta Gairmiúla FTG ann?

Foireann múinteoirí lánchláraithe a bhfuil taithí acu a bhíonn ar an bhFoireann Tacaíochta Gairmiúla (agus an príomhoide ina measc, b'fhéidir), agus oiliúint faighte acu ón Rannóg Ionductúcháin Oide Droichead tacú le próiseas Droichead. Oibríonn an FTG le chéile chun múinteoir nua-cháilithe (MNC) a thacú le linn chéim an ionductaithe.

Cé gur gnách do phríomhoidí roghnú dul isteach san FTG, is féidir leo ról maoirseora a ghlacadh, ag tacú leis an MNC agus leis an FTG trí phróiseas Droichead, ach gan a bheith mar bhall den FGT agus gan Foirm D a shíniú. Mar cheannairí na scoile, cothaíonn príomhoidí cultúr foghlama inar féidir le próiseas Droichead bláthú agus tacaíonn siad leis an FTG chun próiseas ardchaighdeáin ionductaithe a éascú.

Is féidir go mbeadh an FTG (ina mbeidh beirt bhall ar a laghad) comhdhéanta de mhúinteoirí ón scoil i dtrácht amháin. Nó is féidir le scoileanna ball seachtrach a ainmniú ar an FTG. Is féidir leis an mball seachtrach a bheith ina mhúinteoir ó scoil áitiúil nó ina mhúinteoir as painéal de bhaill oilte FTG atá faoi choimirce an Rannóg Ionductúcháin Oide Droichead. Nó is féidir le scoil samhail idir scoileanna FTG a roghnú, ina

ndéanfaidh braisle scoileanna FTG amháin comhdhéanta de mhúinteoirí ón mbraisle scoileanna. Ní mór ball amháin ar a laghad den FTG a bheith ag múineadh sa bhonnscóil. Gheofar tuilleadh eolais ar na samhlacha seachtracha agus idir-scoileanna [anseo](#).

Cad iad na Caighdeáin?

Tá na caighdeáin seo a leanas leagtha síos ag an gComhairle chun tacú le próiseas Droichead, an MNC a threorú i dteannta an FTG, maidir lena gcuid foghlama agus a gcleachtais ghairmiúil.

Seo a leanas na nithe a dhéanfaidh an MNC le linn bheith páirteach i bpróiseas Droichead:

1. bheith páirteach ar shlí ghairmiúil in ionduchtú scoilbhunaithe agus ngníomhaíochtaí breise foghlama gairmiúla
2. a léiriú go raibh siad dáiríre faoi mhúinteoireacht agus foghlaim ar ardchaighdeán a chothú i measc a ndaltaí
3. tabhairt faoi chleachtas machnamhach a thacaíonn le foghlaim agus cleachtas gairmiúil, ina n-aonar agus i bpáirt le múinteoirí eile.

Déantar táscairí dea-chleachtais i gcomhthéacsanna éagsúla a chíoradh tuilleadh mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil an FTG, rud a éascaíonn an Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead.

Cén oiliúint agus cad iad na tacaíochtaí atá ar fáil do na scoileanna?

Faigheann gach ball den FTG ceithre lá oiliúna ón Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead. Tá an oiliúint ceaptha leis an scil agus an t-eolas is gá a thabhairt do bhaill FTG chun MNC a threorú tríd an bpróiseas. Tá clúdach ionaid ar fáil de réir threoirlínte na Roinne oideachais agus Scileanna.

Cuireann Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead tacaíocht fóin agus ríomhphoist ar fáil, leis, mar aon le cuairteanna comhairleacha agus forbairt ghairmiúil bhreise do bhaill oilte den FTG. Is feidir sonraí teagmhála do Ceannaire Foghlama Gairmiúil a fhail [anseo](#).

An bhfuil am scoilte ar fáil d'ionductú scoilbhunaithe?

Cuirtear am scoilte, le clúdach ó ionadaí, ar fáil *go huathoibríoch* le linn ionductú scoilbhunaithe sna scoileanna ina bhfuil próiseas Droichead ar siúl. Ni gá do na scoileanna cur isteach ar an am scoilte seo.

Bíonn idir 22 agus 44 uair ar fáil do scoileanna a thacaíonn le MNCanna trí phróiseas Droichead. Cuirtear é seo ar fáil in éineacht leis na laethanta scoilte oiliúna. Gheofar tuilleadh eolais ar am scoilte [anseo](#).

Is féidir go mbronnfar am scoilte breise ar scoil i gcásanna eisceachtúla. Chun am lánroghnach a iarraidh, ba chóir do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Ionductúcháin Oide Droichead.

Cad atá i gceist i bpróiseas Droichead sna scoileanna?

Fad tréimhse & Suíomh:

Ní mór do mhúinteoir iarbhunscoile 200 uair an chloig d'fhostaíocht mhúinteoireachta a chur i gcrích i suíomh incháilithe ina múintear ábha(i)r c(h)uraclaim iarbhunscoile do rang ar leith ar amchlár na scoile, nó ina bhfuil sé nó sí fostaithe mar mhúinteoir tacaíochta foghlama, riachtanas speisialta nó tacaíochta teanga. Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb iad seo na tréimhsí is íosta ar fad de na tréimhsí cleachtaidh. Ós rud é gur dearadh Droichead mar chreatlach ionductaithe leis an méid is mó tacaíochta, teorach agus comhairle a chur ar fáil, moltar, áit a bhfuil am breise ag MNC anuas ar na híosriachtanais mar atá leagtha amach thuas, bainfear úsáid as an am breise sin chun tacú le próiseas Droichead.

De ghnáth tabharfaidh múinteoir iarbhunscoile faoi phróiseas Droichead nuair atá sé nó sí fostaithe in iarbhunscoil aitheanta. Go hiondúil, má bhíonn an múinteoir fostaithe agus ag fáil íocaíochta i suíomh buan, sealadach nó mar ionadaí tá sé nó sí incháilithe, chomh fada agus a bheidh an deis ag an múinteoir ina leithéid fostaíochta leis na híosriachtanais ama

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh múinteoir iarbhunscoile próiseas Droichead a thabhairt chun críche má bhíonn sé nó sí fostaithe i gceann amháin de na ról seo a leanas:

- a) scoil speisialta ina bhfuil cuid áirithe de na daltaí atá ag freastal ar an scoil ag aois iarbhunscoile, agus má bhíonn ábha(i)r c(h)uraclaim iarbhunscoile á theagasc nó á dteagasc ag an múinteoir dá leithéid daltaí, nó
- b) Ionad Oideachais ina bhfuil ábha(i)r c(h)uraclaim á theagasc nó á dteagasc.

Ba chóir a thabhairt faoi deara áit a bhfuil MNCanna fostaithe sna suíomhanna thuas trí sheirbhís dheonach (neamhíoctha) nó scéimeanna intéirneachta ar nós JobBridge, agus a leithéid de scéimeanna den chineál céanna a d'fhéadfadh tosú amach anseo, ní mheasann an Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil siad seo inghlactha mar shuíomh oiriúnach do Droichead.

Snáithe A agus Snáithe B:

Tá dhá shnáithe bpróiseas Droichead, an creat comhtháite ionductaithe do MNCanna. An chéad snáithe ná an t-ionductú sa scoil féin (Snáithe A), ina bhfaigheann an MNC tacaíocht ó chomhghleacaithe a bhfuil taithí acu. Baineann Snáithe B le gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise, mar shampla freastal ar chruinnithe braisle do MNCanna in ionaid áitiúla oideachais, agus gníomhaíocht foghlama ghairmiúil amháin eile, a bhaineann le riachtanais an MNC.

Snáithe A: Ionductú scoilbhunaithe

Tús a chur leis an bpróiseas:

Caithfidh MNC iarratas a dhéanamh ar Droichead ar [Mo Thairseach Clárúcháin](#) ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta chun tús a chur le próiseas Droichead. Ní feidir leis an phróiseas Droichead a tosú gan cóip den ríomhphost deimhnithe ón gComhairle Múinteoireachta, ina dtugtar cead tús a chur leis an bpróiseas.

Ag tús an phróiseas, aontaíonn an FTG Gearrphlean Droichead leis an MNC. Nochtfaidh siad don MNC na Caighdeáin a bheidh mar threoir agus mar bhonn leis an bpróiseas, ionas go mbeidh an MNC soiléir fúthu ón tús. Déantar an dá dhoiciméad seo a chur i dtoll a chéile ag oiliúint don FTG, agus gheofar teimpléid agus samplaí ar shuíomh gréasáin an Rannóg Ionductúcháin Oide Droichead ag www.oide.ie.

Le linn an phróisis

Le linn an phróisis, beidh **comhráite gairmiúla** (comhráite neamhfhoirmiúla agus cruinnithe socraithe) ag an MNC leis an FTG agus le comhghleacaithe eile. Beidh deiseanna ag an MNC chun **breathnóireacht** a dhéanamh ar chleachtas seomra ranga agus aiseolas a fháil ó bhreathnóireachtaí a dhéanann an FTG ar an MNC. Freastalóidh an MNC ar **chnuaschruinnithe** lena bpiaraí, aithneoidh siad deiseanna **d'fhorbairt ghairmiúil** agus coimeádfaidh siad **Taisce** (*punann ghairmiúil*) ina mbeidh cuntas ar a bhfuil foghlamtha acu chun cleachtas machnamhach a spreagadh.

Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise

I dteannta na gcnuaschruinnithe, ba chóir do MNCanna páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ghairmiúil foghlama amháin eile, a roghnaíonn siad féin de réir a riachtanais foghlama gairmiúla féin, i gcomhairle leis an FTG. measc na ngnáthghníomhaíochtaí foghlama tá líonraí gairmiúla múinteoirí (cumainn ábhair), gníomhaíocht foghlama chumaisc/ar line, freastal ar chomhdháil nó Féilte, nó rannpháirtíocht i gceardlann.

An Próiseas a Thabhairt Chun Críche

Ag deireadh phróiseas Droichead, déanann an MNC dearbhú (ar Fhoirm D) go bhfuil siad ullamh le dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile dá bhfoghlaím ghairmiúil. Déanann an MNC agus baill na Foirne TG dearbhú comhpháirteach go gcreideann siad, tar éis machnamh comhpháirteach, go raibh siad páirteach, trí Droichead, i bpróiseas ardchaighdeáin múinteoireachta agus foghlama. Seolann an MNC an Fhoirm D líonta isteach chuig an gComhairle Múinteoireachta, agus baineann an Chomhairle coinníoll Droichead de chlárú an mhúinteora. Cláróidh an Chomhairle an múinteoir go hiomlán nuair a mheasann an Chomhairle gur sásaíodh gach coinníoll cláraithe (m.sh. riachtanas na Gaeilge, coinníollacha maidir le gannchion cáilíochtaí).

Cad iad na modhanna atá i bhfeidhm chun ardchaighdeáin agus comhsheasmhacht a chinntiú?

Tá modhanna éagsúla ann chun cáilíocht agus comhsheasmhacht phróiseas Droichead a dhearbhu ar fud na tíre.

- Cuireann an Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead tacaíocht ar fáil do

scoileanna ina gcuirtear próiseas Droichead ar fáil

- Ról Maoirseora an Phríomhoide
- Cuireadh Comhpháirtí Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead do gach scoil
- Tá painéal Dearbhú Cáilíochta Droichead, ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách, múinteoir atá ag obair san earnáil lena mbaineann, agus duine a bhfuil taithí aici nó aige ar mhúinteoireacht agus foghlaim a thacú nó a mheas ar leibhéal scoile, bunaithe ag an gComhairle Múinteoireachta. Tugann an painéal seo cuairteanna randamacha ar scoileanna ina bhfuil próiseas Droichead ar siúl, agus pléitear an próiseas leis an bPríomhoide, an FTG agus an MNC. Déantar na cuairteanna seo a shocrú roimh ré agus is i spiorad comhghleacaíochta agus comhair a thugtar iad. Tar éis an athbhreithnithe, cuireann an painéal tuarascáil gan ainm ar fáil don Chomhairle Múinteoireachta, tuarascáil ina leagtar amach torthaí agus moltaí an phainéil i dtaca leis an bpróiseas. Déanann an Chomhairle an tuarascáil a bhreithniú, agus foilsítear é ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus scaiptear í ar an Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead ar an gCigireacht, tar éis í a dhaingniú.
- Tuairisc DQA ar fháil [anseo](#).

Ceisteanna

Seol aon cheist atá agat chuig droicheadinduction@oide.ie.

